Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath
Ollscoil Átha Cliath



# ACMHAINN AGUS POBAL A CHOTHÚ

## PLEAN STRAITÉISEACH 2023 – 2028




SCOIL NA **nEOLAÍOCHTAÍ TEANGEOLAÍOCHTA, URLABHRA** AGUS **CUMARSÁIDE**


Athena
SWAN
Bronze Award
GENDER CHARTER

# Clár


Ár Misean, ár bhFís agus ár Luachanna ............ 02

Tosaíochtaí Straitéiseacha ............ 03

Spriocanna ............ 04

Amlíne ............ 06

Réamhrá ............ 09

Maidir leis an Scoil ............ 11

Réamhrá ó Cheann na Scoile ............ 12


**Spriocanna agus Bearta Straitéiseacha**


Sprioc 1 ............ 13

Sprioc 2 ............ 15

Sprioc 3 ............ 17

Sprioc 4 ............ 19

Sprioc 5 ............ 21

Sprioc 6 ............ 23

# Acmhainn & Pobal a Chothú

## Misean

Is foireann acadóirí muid a bhfuil paisean coiteann againn do theanga an duine agus na gnéithe éagsúla ar fad a bhaineann léi. Déanaimid éagsúlacht ionchuimsitheach a chothú mar acmhainn chumhachtach trí staidéar a dhéanamh ar theangeolaíocht, ar chumarsáid, ar urlabhra agus ar shlogadh. Téann ár gcuid oibre chun tairbhe daoine aonair agus pobal ag gach céim den tréimhse saoil.

## Fís

Scoil a bheidh cónasctha go domhanda agus a mbeidh cáil idirnáisiúnta uirthi as teagasc agus taighde i ndáil le teangeolaíocht, cumarsáid, urlabhra agus slogadh.

## Luachanna

- Fiosracht
- Ceannródaíocht
- Freagracht
- Ionchuimsitheacht
- Comhoibriú

# Tosaíochtaí Straitéiseacha

## Éagsúlacht

Tá sé d’aidhm againn an éagsúlacht a chur chun cinn trí scoth na foirne a earcú go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta, trí fháilte a chur roimh iarratais ó mhic léinn as gach cineál cúlra, agus trí mheas ar éagsúlacht ionchuimsitheach a mholadh i measc an uile dhuine a bhfuil baint ag an Scoil leo.

## Ionracas

Tá sé d’aidhm againn cultúr ionracais, trédhearcachta agus macántachta a chothú i ngach ceann dár ngníomhaíochtaí. Is mór againn an tsaoirse acadúil, éagsúlacht na scoláireachta, agus tóraíocht na fírinne.

## Taighde

Seasaimid ar son an taighde. Tá sé mar aidhm againn tacú le taighde ardchaighdeáin agus tacú freisin leis an am agus na hacmhainní a theastaíonn chun í a bhaint amach. Is mian linn taighde a shuí i gcroílár na Scoile.

## Cultúr

Tá sé d’aidhm go mbeadh an Scoil seo fuinniúil agus spleodrach agus go mbeadh i bhfad níos mó i gceist léi ná sin, áit a rachadh an t-éiteas iontaofa pobail chun sochair na foirne agus na mac léinn go léir. Is mian linn tairbhe a bhaint as an saineolas atá againn le chéile ar mhaithe le leas na ndaoine.

## Nuálaíocht

Tá sé mar aidhm againn a bheith ag smaoineamh go cruthaitheach d’fhonn na próisis atá againn a chuíchóiriú agus chun an leas is fearr agus is féidir a bhaint as an teicneolaíocht inár gcuid gníomhaíochtaí go léir.

# Spriocanna

1. Cumarsáid éifeachtach a dhéanamh le pobail inmheánacha agus sheachtracha
2. Baill foirne agus mic léinn den scoth a bhfuil an paisean céanna acu a mhealladh agus a choinneáil
3. Nasc a dhéanamh le príomh-chomhpháirtithe agus líonraí a fhorbairt
4. Cultúr a chothú ina mbeidh rath ar an bhfoireann agus ar mhic léinn
5. Smaoineamh go nuálach agus úsáid éifeachtach a bhaint as an teicneolaíocht
6. Cleachtais a bheidh aireach don chomhshaol a chur chun cinn

*... Is é príomhaidhm an Phlean Straitéisigh seo an próifíl atá againn go náisiúnta a neartú agus eolas agus éachtaí na Scoile a chur os comhair an tsaoil ar ardán idirnáisiúnta...*

# Amlíne: **Réamhstair**

## 1969

Bunaíodh Scoil Teiripe Urlabhra Bhaile Átha Cliath (ar ar tugadh Roinn an Staidéir Chliniciúil ar Urlabhra agus Teangacha níos déanaí)

## 1979

Bunaíodh an Lárionad Léinn Teanga & Cumarsáide; bronnadh na chéad chéimeanna Baitsiléara Eolaíochta i Roinn nua an Staidéir Chliniciúil ar Urlabhra agus Teangacha.

## 2001

Bunaíodh Lárionad Léann na mBodhar

# Amlíne: **na Gnóthachtála go dtí seo**

**2005** — Bunaíodh Scoil na nEolaíochtaí Teangeolaíochta, Urlabhra agus Cumarsáide

**2006** — Na chéad chéimithe ón gcúrsa Máistir Eolaíochta sa Staidéar Cliniciúil ar Urlabhra agus Teangacha

**2009** — Seoladh an chúrsa Bhaitsiléara i Léann na mBodhar

**2015** — Osclaíodh Lárionad Léann na hÁise, Coláiste na Tríonóide go foirmiúil

**2019** — Seoladh Cúrsaí Roghnacha ‘Teanga & Cultúir’ Choláiste na Tríonóide, a roghnaíonn 1,400 fochéimí gach bliain

**2021** — Seoladh na Comhchéime Onóracha sa Teangeolaíocht

**2021** — Fuair an Scoil Gradam Cré-Umha Athena SWAN


Speech and
Communications
Sciences
WELFARE
STUDENTS'

# Réamhrá

Tháinig an t-athrach ar an athrach ó ullmhaíodh an Plean Straitéiseach deireanach a bhí againn. Bhí ar an tsochaí aghaidh a thabhairt ar phaindéim dhomhanda, tá tionchar leibhéal méadaithe luaineachta geopholaitiúla ag dul i bhfeidhm ar dhaoine, agus tá gá práinneach aitheanta ann dul i ngleic leis an ngéarchéim aeráide. Mar sin féin, tá athrú ar mheon daoine ag tarlú mar gheall ar na bagairtí sin ar chomhtháthú sochaíoch agus is é toradh an athraithe sin go bhfuil níos mó atrua agus measa ag daoine ar luachanna na héagsúlachta, na hionchuimsitheachta agus na trédhearcachta.

Leis an dá phríomhfhocal i dteideal Phlean Straitéiseach na Scoile do 2023-2028, is iad sin **acmhainn** agus **pobal**, léirítear an aidhm atá againn ár gcuid oibre a chur chun cinn chun cur le tionchar thaighde na Scoile ag leibhéal áitiúil agus leibhéal domhanda araon, agus chun pobal Scoile ceart a fhorbairt. Réitíonn aidhmeanna an phlean seo le Plean Straitéiseach 2020-2025 na hOllscoile, le béim Choláiste na Tríonóide ar ghníomhú sibhialta, taighde, oideachas agus eagraíocht éifeachtach sholúbtha a chothú.

Tá an Scoil ina pointe tagartha náisiúnta agus idirnáisiúnta i ndáil lena croídhisciplíní le fada an lá. Is é príomhaidhm an Phlean Straitéisigh seo an próifíl atá againn go náisiúnta a neartú agus eolas agus éachtaí na Scoile a chur os comhair an tsaoil ar ardán idirnáisiúnta. Féachtar leis na bearta sa Phlean Straitéiseach seo scoth na foirne agus na mac léinn a mhealladh d’fhonn timpeallacht teagaisc, foghlama agus taighde na Scoile a shaibhriú.

Ag féachaint chun cinn, tá a fhios againn go mbeimid ag dul i dtreo teicneolaíochta nua i gcónaí, tríd na forbairtí sna réimsí oibre atá againn agus ó thaobh éilimh níos mó ar oideachas hibrideach agus ar oideachas ar líne freisin. Beidh cur i bhfeidhm na mbeart sa Phlean Straitéiseach seo ina chuidiú lena chinntiú go mbeidh an Scoil réidh le haghaidh a thabhairt ar na héilimh theicneolaíochta seo.

Bronnadh gradam Cré-Umha Athena SWAN ar an Scoil le déanaí mar aitheantas ar na bearta leanúnacha a dhéanann sí chun comhionannas inscne i measc a foirne agus a mac léinn a chinntiú. Tá sé mar aidhm againn éiteas comhionannais, éagsúlachta agus ionchuimsitheachta a chur chun cinn i ngníomhaíochtaí uile na Scoile agus timpeallacht oibre a thacaíonn le teaghlaigh a chothú. De réir chineál an teagaisc, na for-rochtana agus an taighde a dhéanaimid, tá obair na Scoile, ó thaobh na hacadúlachta agus na hoideolaíochta de, dírithe ar ionchuimsiú grúpaí mionlaigh agus daoine ar mhinic dóibh a bheith faoi ghannionadaíocht. Mar sin féin, is eol dúinn nach ionann éachtaí aonair agus a rá go bhfuil comhionannas córasach neadaithe i bpolasaithe, nósanna imeachta agus cleachtais na Scoile, ná a rá go bhfuil timpeallacht ina bhféadfadh rath a bheith ar an uile mhac léinn agus ball foirne cruthaithe dá mbarr. Tríd an bPlean Straitéiseach seo, mar aon leis na bearta tosaíochta a sainaithníodh in iarratas na Scoile le haghaidh an ghradaim Athena SWAM, táimid iomlán tiomanta do chomhdheiseanna maidir le dul chun cinn agus rath.

Ullmhaíodh an Plean Straitéiseach seo i gcomhairle le baill foirne agus mic léinn. Beidh comhoibriú bhaill uile na Scoile in éineacht ag teastáil d’fhonn a bheith in ann cur lena focal maidir leis na bearta seo agus a chinntiú go mbeimid ar an mbóthar ceart chun misean na Scoile a bhaint amach agus obair a dhéanamh i dtreo fhís na Scoile a fhíorú. Tríd na bearta atá sonraithe sa phlean seo, tá sé d’aidhm againn cultúr ceart athraithe a chothú agus difríocht fhollasach a dhéanamh i ndáil leis an gcaoi a mbímid ag feidhmiú.



# Maidir leis an scoil

Is scoil ildisciplíneach í Scoil na nEolaíochtaí Teangeolaíochta, Urlabhra agus Cumarsáide a bhfuil na réimsí acadúla seo a leanas mar chuid di:

- Roinn an Staidéir Chliniciúil ar Urlabhra agus Teangacha
- An Lárionad Léinn Teanga agus Cumarsáide
- Lárionad Léann na mBodhar
- Lárionad Foghlama agus Teagaisc an Bhéarla
- Lárionad Léann na hÁise, Coláiste na Tríonóide

Le 30 ball foirne acadúil agus 7 mball foirne ghairmiúla, is Scoil réasúnta beag muid. Roinntear an Scoil idir dhá shuíomh: Foirgneamh na nEalaíon agus 7-9 Sráid Laighean Theas. Is idirthréimhse é seo don Scoil, tráth a bhfuil roinnt ball foirne sinsearach ag éirí as agus roinnt eile ag dul le patrúin oibre pháirtaimseartha nó chumaisc. Tá foireann an-óg ag an Scoil anois. Tá foireann acadúil agus ghairmiúil na scoile sároilte, ildánach agus uaillmhianach.

Is iomaí gné uathúil atá ag an Scoil a dhéanann áit tharraingteach di le bheith ag obair agus ag staidéar inti lena n-áirítear:

- An cúrsa fochéime is seanbhunaithe in Éirinn sa Teiripe Urlabhra agus Theanga
- Saotharlann Foghraíochta agus Urlabhra de scoth an domhain
- An t-aon Lárionad acadúil in Éirinn do Léann na mBodhar
- An cúrsa iarchéime is seanbhunaithe in Éirinn do theiripeoirí urlabhra agus teanga, a bhfuil cáil idirnáisiúnta air i réimse na neamhord slogtha
- Lárionad cuimsitheach ildisciplíneach dírithe ar Léann na hÁise, a bhfuil staidéar ar theangacha agus ar theangeolaíocht na hÁise mar bhunús dó
- Cláir foghlama teangacha ar fud an choláiste agus cláir fhorleathnúcháin arna dtacú le saineolas taighde bhaill na Scoile sa Teangeolaíocht Fheidhmeach

# Réamhrá ó Cheann na Scoile



Tá go leor éiginnteachta sa saol i láthair na huaire, tráth a bhfuil an Scoil ag foilsiú an Phlean Straitéisigh seo. Is é toradh na mbagairtí leanúnacha ar shláinte phoiblí, comhtháthú sóisialta, saoránacht dhaonlathach agus an comhshaol gur fhoghlaimíomar nach féidir talamh slán a dhéanamh de rud ar bith.

Sa phlean seo, tá an fhís atá againn don Scoil curtha in iúl againn, is é sin go dtabharfaí baill foirne agus mic léinn le chéile agus uaillmhian chomhchoiteann acu a bheith mar chuid de lárionad barr feabhais ó thaobh taighde agus teagaisc inar réimsí, lárionad a bheidh cónasctha go domhanda agus a mbeidh cáil idirnáisiúnta air. Tá raon réimsí ábhair éagsúla againn, ach tá an paisean céanna againn go léir do na gnéithe uile a bhaineann le staidéar ar theanga, teangeolaíocht agus cumarsáid. Déanaimid éagsúlacht ionchuimsitheach a chothú mar acmhainn chumhachtach shochaíoch, agus táimid tiomanta dár dtaighde a dhéanamh infheidhme le go rachadh sé chun tairbhe do go leor daoine agus grúpaí éagsúla. Is áit í an ollscoil a d'fhéadfadh strus agus uaigneas a mhúscailt i nduine, bíodh sé ag obair nó ag staidéar inti. Aithnítear sa phlean straitéiseach atá againn gur baol é seo agus dá bhrí sin, cruthaítear conair leis i dtreo a bheith mar phobal Scoile níos nasctha agus níos tacúla. Is é is aidhm againn an timpeallacht is fearr agus is féidir a chur ar fáil dár mic léinn ina mbeidh siad in ann dul sa tóir ar a gcuid uaillmhianta agus a gcuid spriocanna a bhaint amach. Tá sé curtha romhainn againn freisin áit oibre den scoth dár bhfoireann go léir a dhéanamh den Scoil.

Mar Cheann Scoile, tá muinín agam go n-aithneoidh na grúpaí éagsúla i ranna na Scoile iad féin sa phlean seo. Comhiarracht amach is amach a bhí sa Phlean Straitéiseach seo. B'ionann na spriocanna agus na bearta a leagtar amach thíos agus an toradh ar thréimhse leanúnach chomhairliúcháin le baill uile na Scoile, lena n-áirítear roinnt ceardlanna ar líne, lá taobh amuigh den ollscoil le Feidhmeannach na Scoile, agus comhairliúcháin le mic léinn. Is mór agam ionchur gach aon duine a roinn a chuid ama chun tuairimí agus uaillmhianta don Scoil a roinnt go macánta linn i gcaitheamh na tréimhse comhairliúcháin seo agus tá súil agam go mbeidh gach duine de phobal na Scoile in ann macalla dá ghlór féin a chloisteáil sa mhéad atá thíos.

**An tOllamh Lorna Carson**
**Ceann na Scoile**



# Spriocanna agus Bearta Straitéiseacha

Cumarsáid éifeachtach a dhéanamh le pobail inmheánacha agus sheachtracha

1

## Comhthéacs

Feasacht agus rannphháirtíocht an phobail a mhéadú maidir le chomh lárnach is atá teanga agus cumarsáid do thaithí an duine. Éachtaí dhisciplíní agus ranna éagsúla na Scoile a chur chun cinn. Caidrimh fhiúntacha a bhunú lenár bpobail.



## Bearta

**1.1 Uirlisí saoráideacha cumarsáide inmheánacha a chruthú d'fhoireann agus do mhic léinn na Scoile**

- Liosta seoltaí Scoile aonair a chur i dtoll a chéile le húsáid do chomhfhreagras oifigiúil a áireoidh na baill foirne agus mic léinn go léir
- Nuachtlitir leathbhliantúil na Scoile a chur amach chun nuacht a roinnt agus éachtaí a cheiliúradh
- Nuálaíocht a dhéanamh i réimse na cumarsáide; físeáin agus uirlisí eile a úsáid chun teachtaireacht na Scoile a roinnt

**1.2 An láithreán gréasáin a athchóiriú chun teagasc, taighde agus imeachtaí na Scoile a chur os comhair an phobail**

- Athbhreithniú iomlán a dhéanamh ar ábhar agus struchtúr an láithreáin gréasáin
- Acmhainní a dhíriú ar athchóiriú cuimsitheach a dhéanamh ar an láithreán gréasáin
- Cothabháil a dhéanamh ar an láithreán gréasáin nuashonraithe mar léargas don phobal ar an Scoil
- A chinntiú go mbeidh faisnéis chuimsitheach, cothrom le dáta a mbeidh rochtain éasca uirthi ar an láithreán gréasáin maidir le riachtanais acadúla agus deiseanna do mhic léinn

**1.3 Úsáid ár gcainéil meán sóisialta a dhéanamh gairmiúil d'fhonn tionchar obair na Scoile a mhéadú agus an chumarsáid a dhéanaimid a fheabhsú**

- Cur leis an lucht spéise atá againn ar chainéil meán sóisialta
- Fanacht i dteagmháil le mic léinn, alumni agus páirtithe leasmhara trí na meáin shóisialta
- Oiliúint sna meáin shóisialta a chur ar fáil do bhaill foirne i ndáil le tionchar taighde agus poiblíocht cúrsaí
- Plean bainistithe ábhair a fhorbairt do na cainéil meán sóisialta roinne éagsúla

### 1.4 Cur lenár sraith seimineár agus léachtaí taighde chun ár gcomhghleacaithe sa Scoil agus an pobal a chur ar an eolas faoin obair a dhéanaimid

- Tacú leis na cainteanna poiblí atá againn cheana agus iad a chur chun cinn i measc lucht spéise níos leithne
- Sraith nua Léachtaí Poiblí Scoile a sheoladh lena gcuirfear chun cinn tuiscint níos doimhne ar na réimsí taighde atá againn ar bhealach sothuigthe
- Cainteanna agus imeachtaí neamhfhoirmiúla a eagrú lena gcuirfear ar fáil léargas praiticiúil réalaíoch ar an obair d'ábhar teangeolaithe
- Cuireadh a thabhairt do thaighdeoirí chun cuir i láthair a dhéanamh ar a dtaighde reatha ar fud na Scoile d'fhochéimithe agus d'iarchéimithe; mic léinn a spreagadh le páirt a ghlacadh nuair is féidir
- Bunchúrsa Teangeolaíochta a leagan amach mar chúrsa seachtrach don phobal i gcoitinne, ina gclúdófaí príomh-limistéir staidéir, forbairt na réimse, dearcthaí taighde don am atá le teacht agus luach na Teangeolaíochta don phobal

### 1.5 Machnamh a dhéanamh ar ainm na Scoile, ar struchtúr eagraíochtúil na Scoile agus ainmneacha na n-aonad agus é mar aidhm cáil na Scoile a fhorbairt go hinmheánach agus go seachtrach

- Eagraghram na Scoile a athbhreithniú agus machnamh a dhéanamh ar cibé an bhfuil an struchtúr reatha oiriúnach don fheidhm
- Ainmneacha na n-aonad (ranna, disciplíní, ionaid) laistigh den Scoil a scrúdú i bhfianaise an athbhreithnithe
- Machnamh a dhéanamh ar cibé an bhfuil ainm na Scoile cruinn, trédhearcach agus speisialta go hinmheánach agus go seachtrach agus athruithe ar bith a dhéanamh bunaithe ar chomhaontú



# Spriocanna agus Bearta Straitéiseacha

Baill foirne agus mic léinn den scoth a bhfuil an paisean céanna acu a mhealladh agus a choinneáil

2





## Comhthéacs

Scoth na foirne agus na mac léinn as gach cineál cúlra ar fud a domhain a mhealladh, ar dhaoine iad a bhfuil an paisean céanna acu do theangeolaíocht, cumarsáid, urlabhra agus slogadh agus a bhfuil againne féin.

## Bearta

**2.1 Cur chuige toiliúil straitéiseach a ghlacadh maidir le fostú foirne agus le hearcú mac léinn**

- A chinntiú go meallfar na hiarratasóirí is fearr agus is éirimiúla as an uile chearn den domhan leis na sainchuntais phoist a chuirimid amach
- Béim a chur ar chleachtais sholúbtha a thacaíonn le teaghlaigh i bhfógraí poist do phoist laistigh den Scoil
- Suíomhanna nua fógraíochta a shainaithint ar mhaithe le hearcú éifeachtach acadúil de réir disciplín, taobh amuigh de na gnáthardáin
- Láithreacht na Scoile ag imeachtaí amhail Higher Options, Laethanta Oscailte Choláiste na Tríonóide agus aontaí earcaíochta a uasmhéadú
- Plean for-rochtana Scoile a fhorbairt agus nasc a dhéanamh le comhairleoirí gairmthreoracha
- Cur leis an méid tacaíochta ionduchtúcháin atá ar fáil do bhaill foirne nua

**2.2 Spriocdhíriú ar mhargaí nua maidir le hearcú mac léinn**

- Réimsí nua earcaíochta de réir cúrsa céime a shainaithint agus obair a thosú sna réimsí sin
- Éagsúlú na hearcaíochta a chur chun cinn d'fhonn mic léinn as gach cúlra a mhealladh
- Machnamh a dhéanamh ar bhealaí chun mic léinn lánfhásta a mhealladh agus a choinneáil

**2.3 Am agus acmhainní a chur ar fáil chun cúrsaí agus gníomhaíochtaí na Scoile a fhógairt**

- Athbhreithniú a dhéanamh ar na hábhair bholscaireachta agus réamheolairí atá againn agus feabhas a chur orthu
- Aiseolas mac léinn a fháil go córasach lena roinnt
- A chinntiú go gcuirfear cúrsaí agus gníomhaíochtaí uile na Scoile i láthair ar láithreán gréasáin na scoile
- Aird a tharraingt ar éachtaí agus torthaí gairme mac léinn sna hábhair mhargaíochta atá againn
- Obair a chur ar bun i gcomhar le comhpháirtithe i gColáiste na Tríonóide Domhanda, Margaíocht agus Cumarsáid Choláiste na Tríonóide
- Gairmeacha mac léinn a chur os comhair an phobail agus Treoracha Infhostaitheachta agus Treoracha d'Fhostóirí a bheadh clár-shonrach a fhorbairt le cúnamh ó Sheirbhís Gairmeacha Choláiste na Tríonóide
- Ceardlanna neamhspleácha oideachais maidir le gairmeacha a bhaineann le cúrsaí na Scoile a reáchtáil

### 2.4 Deiseanna scoláireachta a fhorbairt agus a chur chun cinn go forleathan

- Leathanach gréasáin tiomanta a chruthú ar a dtabharfar le chéile na deiseanna scoláireachta ar fad agus é a nuashonrú go leanúnach
- Seisiúin eolais maidir le deiseanna scoláireachta a reáchtáil
- Ceiliúradh a dhéanamh ar rath shealbhóirí scoláireachta na Scoile ar an láithreán gréasáin agus ar na meáin shóisialta
- Obair a dhéanamh le hionadaithe mac léinn chun ardán a thabhairt d'údair imní mac léinn maidir le cúrsaí airgid, lóistín agus an costas maireachtála

### 2.5 Maoiniú tionscail/daonchairdiúil a lorg le haghaidh scoláireachtaí agus intéirneachtaí tiomanta Scoile

- Dul i mbun oibre le Forás agus Alumni Choláiste na Tríonóide chun plean tiomsaithe airgid de réir disciplín a fhorbairt
- Comhpháirtithe tionscail a bhfuil spéis acu sna réimsí taighde céanna agus atá againne a shainaithint
- Caidrimh a chothú le comhpháirtithe tionscadail agus é mar aidhm againn intéirneachtaí maoinithe a chruthú
- Buiséid agus cistí a lorg do stipinnithe Ph.D. a bheadh ag teacht le pá maireachtála





# Spriocanna agus Bearta Straitéiseacha

Nasc a dhéanamh le príomh-chomhpháirtithe agus líonraí a fhorbairt

3





## Comhthéacs

Comhoibriú ag leibhéal na hollscoile, ag leibhéal náisiúnta agus ag leibhéal idirnáisiúnta a chothú agus a chur chun cinn. Comhpháirtithe nua a shainaithint agus líonraí atá ann cheana a láidriú, go háirithe líonraí taighde. Leas a bhaint as prionsabail agus spriocanna Straitéis Bairr Feabhais Choláiste na Tríonóide don Taighde mar bhunús d'obair na Scoile. Rannpháirtíocht agus seirbhís phoiblí sa phobal a spreagadh i measc mac léinn agus ball foirne. Cumas taighde a chothú agus a mhéadú.

## Bearta

**3.1 Iarracht a dhéanamh comhpháirtíochtaí nua taighde a fhorbairt laistigh de Choláiste na Tríonóide agus cur leis na comhpháirtíochtaí taighde atá ann cheana**

- Caidrimh atá ann cheana le hInstitiúid Taighde na nEalaíon agus na nDaonnachtaí, Mol an tSeomra Fada, Coláiste na Tríonóide agus le Taighde Choláiste na Tríonóide sna hEolaíochtaí Sóisialta (TRiSS) a dhoimhniú agus a leathnú
- Rannpháirtíocht a chothú le Lárionaid ábhartha Taighde Choláiste na Tríonóide amhail Lárionad Taighde Choláiste na Tríonóide ar an Óige (TRiCC), Lárionad ADAPT, Lárionad Choláiste na Tríonóide don tSláinte Dhomhanda, Lárionad Aistriúchán Litríochta agus Cultúr Choláiste na Tríonóide
- Deiseanna do chomhoibriú agus comhpháirtíochtaí ar fud na Scoile, na nDámh agus an Choláiste a thapú, lena n-áirítear caidrimh le Dámh na nEolaíochtaí Sláinte agus le Dámh na hEolaíochta, na Teicneolaíochta, na hInnealtóireachta agus na Matamaitice (STEM) a dhoimhniú

**3.2 Tabhair faoi ghníomhaíochtaí for-rochtana lena gcuirfear eolas ar fáil d'obair na Scoile agus lena gcuirfear oideachas ar an bpobal**

- Clár cuairteanna scoile a sheoladh chun daltaí Idirbhliana agus lucht fágála scoile a chur ar an eolas faoi na deiseanna breisoideachais a bhaineann leis an Scoil seo
- Deiseanna chun faisnéis faoinár gcuid oibre a roinnt ag imeachtaí a mbíonn lucht fágála scoile agus an pobal i gcoitinne ag freastal orthu a uasmhéadú
- Cultúr cumarsáide éifeachtaí leis an bpobal a chothú

### 3.3 Ceangal a dhéanamh le halumni trí imeachtaí poiblí, cúrsaí forbartha gairmiúla leanúnaí, seimineáir spriocdhírithe agus comhdhálacha

- Obair a dhéanamh i gcomhpháirtíocht le Forás agus Alumni Choláiste na Tríonóide chun na taifid alumni atá againn a dhéanamh foirmiúil agus chun nuachtlitir alumni Scoile a fhorbairt
- Dul i gcomhairle le Seirbhís Gairmeacha Choláiste na Tríonóide maidir le conairí gairme alumni na Scoile
- Teagmháil rialta a dhéanamh le halumni na Scoile agus ceiliúradh a dhéanamh ar a gcuid éachtaí
- Comhrá a thosú le halumni ó na disciplíní éagsúla atá againn lena chinneadh mar is féidir leis an Scoil teagmháil agus caidreamh a dhéanamh leo ar an mbealach is fearr trí himeachtaí agus deiseanna oiliúna
- Deiseanna do chúrsaí forbartha gairmiúla leanúnaí agus/nó do mhicridhintiúreacht a bhreithniú
- Cuireadh a thabhairt d'alumni scéal a ngairme ó bhain siad céim amach a roinnt trí imeachtaí 'lá den saol' a bheadh oscailte do gach mac léinn reatha



### 3.4 Comhpháirtithe nua a shainaithint i measc eagraíochtaí gairmiúla, lucht tionscail agus eagraíochtaí neamhrialtasacha

- Cur chuige a bheadh treoraithe ag na disciplíní a chothú i dtaobh comhpháirtíochtaí gairmiúla
- Taifead de chomhpháirtíochtaí reatha a chur i dtoll a chéile
- Teagmháil a dhéanamh le comhpháirtithe ionchais nua a bheadh ábhartha do thaighde, teagasc agus rannpháirtíocht phoiblí na Scoile

### 3.5 Malartuithe idirnáisiúnta a chur chun cinn

- Deiseanna soghluaisteachta atá ar fáil do bhaill foirne agus do mhic léinn trí Mheabhráin Tuisceana reatha le comhpháirtithe malartuithe idirnáisiúnta a fhoilsiú ar láithreán gréasáin na Scoile
- Deiseanna gluaiseachta agus socrúcháin oibre idirnáisiúnta atá ar fáil trí Chlár Erasmus+ a chur i láthair
- Oibriú i gcomhpháirtíocht le hOifig Erasmus Choláiste na Tríonóide agus Coláiste na Tríonóide Domhanda chun próifíl idirnáisiúnta na Scoile a fheabhsú

### 3.6 Cur chuige 'na múrtha fáilte' a chur chun cinn don uile scoláire

- Caidrimh a chothú le SAR-Ireland (Scoláirí i mBaol) agus Coiste Ollscoil Tearmainn Choláiste na Tríonóide
- Machnamh a dhéanamh ar mar is féidir leis an Scoil tacú le hacadóirí atá i mbaol ag leibhéal áitiúil agus a chur ar a gcumas leanúint ar aghaidh lena gcuid oibre
- Acmhainní a aimsiú chun Scoláireacht Iarrthóra Tearmainn a bhunú sa Scoil seo
- Fónamh a dhéanamh chun riachtanais teanga theifigh na hÚcráine in Éirinn a shásamh, mar aon le grúpaí leochaileacha eile a bhfuil cúnamh teanga ag teastáil uathu, trí ranganna, oiliúint agus acmhainní a fhorbairt




# Spriocanna agus Bearta Straitéiseacha

Cultúr a chothú ina mbeidh rath ar an bhfoireann agus ar mhic léinn

4





## Comhthéacs

Aithnítear an Scoil seo as timpeallacht chairdiúil ghnaíúil a disciplíní agus a ranna, atá dírithe ar na mic léinn. Déanaimid ár ndícheall a bheith ag obair mar fhoireann, chun dul i mbun fadhbréiteach comhoibríoch agus chun cur le heispéireas na mball foirne agus na mac léinn. Déanaimid iarracht cur chuige duinelárnach a ghlacadh nuair atáimid ag déileáil le cás nó le duine ar bith, mar go n-aithnímid go mbíonn an obair agus an staidéar dúshlánach do gach duine againn in amanna.

## Bearta

### 4.1 Polasaí maidir le Lá Taighde Scoile a chur i bhfeidhm do bhaill foirne acadúla

- Coiste Feidhmiúcháin na Scoile le Polasaí sonraithe maidir le Lá Taighde a mholadh
- Cultúr a chothú ina moltar do bhaill foirne uathfhreagra a úsáid go córasach le cur in iúl nach bhfuil siad san oifig d'fhonn a gcuid ama taighde a chosaint, i gcomhréir leis an gcleachtas taighde 'lá amháin sa tseachtain'

### 4.2 Comhoibriú sóisialta a mhéadú laistigh den Scoil

- Imeachtaí do mhic léinn agus baill foirne ar aon láthair a éascú d'fhonn cultúr muintearais a chothú i measc fochéimithe, iarchéimithe agus baill foirne
- Maidineacha caife a reáchtáil do bhaill foirne na Scoile ar an láthair go míosúil
- Maidin chaife a eagrú do bhaill foirne agus mic léinn ar a laghad uair sa téarma
- Glaoch a chur amach le baill a fháil chun Coiste Sóisialta Scoile nua a bhunú
- Imeacht fáilte Scoile a reáchtáil do na mic léinn ar fad ag tús gach bliana acadúla
- Obair a dhéanamh le hiarchéimithe taighde chun bealaí a chur ar fáil le ceangal fónta a dhéanamh agus chun a chinntiú go mothaíonn siad gur cuid de phobal na Scoile iad

### 4.3 Ionracas acadúil a chothú trí ghlacadh le Ráiteas na hOllscoile maidir le hIonracas

- Ár ndícheall beart de réir ár mbriathair a dhéanamh, a chinntiú go mbeimid feasach ar na gealltanais atá tugtha againn agus na freagrachtaí atá orainn d'fhonn iad a chomhlíonadh, agus cloí le polasaithe an Choláiste agus le polasaithe ábhartha eile, agus leis na caighdeáin is airde iompair.
- A gceart a thabhairt don uile dhuine, trí ionchur agus éachtaí daoine eile i réimse na scoláireachta, an teagaisc, an taighde agus na seirbhíse a aithint agus a mholadh.
- An fhírinne a insint, mar phobal agus mar dhaoine aonair, ag labhairt amach agus ag éisteacht fiú nuair nach éasca sin a dhéanamh, aird a tharraingt ar fhadhbanna agus botúin a admháil go macánta.
- Muid féin agus daoine eile a thabhairt chun cuntais i ndáil leis na nithe a bhfuil freagracht ar gach duine ar leith againn astu.
- Acmhainní a úsáid chun na gcríoch ar beartaíodh dóibh agus feidhmiú ar bhealach nach bhféadfaí locht a fháil air i ndáil le gnóthaí airgeadais.
- Caitheamh le daoine eile ar bhealach cóir, seasmhach agus trédhearcach.

### 4.4 Cultúr trédhearcach cuntasachta neamhbhreithiúnaí a chothú ("milleán ar bith")

- Glacadh leis go fonnmhar gur cuid nádúrtha den uile ionad oibre é go dtarlóidh earráidí, agus pobal na Scoile a spreagadh chun earráidí a thuairisciú nuair a tharlaíonn siad
- Feidhmiú ar bhealach a bheadh ina léiriú dár mic léinn a bhfuil i gceist le trédhearcacht agus cuntasacht
- Cultúr a chothú ina mbeadh iontaoibh, macántacht agus meas ar dhaoine eile ina luachanna tábhachtacha

### 4.5 An luach a bhaineann le meantóireacht, cóitseáil agus tacaíocht piaraí a chur chun cinn

- Córas éifeachtach measúnaithe Scoile a thriail ar bhonn deonach agus ar bhonn píolótach i gcomhairle le foirne na Scoile
- Córas tacaíochta piaraí Scoile a bhunú a chuirfeadh ar chumas ball foirne sinsearach agus sóisearach a nascadh lena chéile agus taithí a roinnt
- Moltaí a chur in iúl don fhoireann ar fad maidir leis an mbealach chun gach aon leas a bhaint as meantóireacht
- A chinntiú go bhfuil teacht ag gach ball foirne ag leibhéal Ollaimh Cúnta ar an meantóir is rogha leo
- Tacaíocht piaraí agus córas páirtíochta a chur i bhfeidhm lena chinntiú go mothóidh mic léinn iarchéime go bhfuil baint níos fearr acu le pobal taighdeoirí sa Scoil

### 4.6 Feasacht ar chomhionannas, éagsúlacht, ionchuimsitheacht agus cearta an duine a mhúscailt mar chuid de chultúr na Scoile

- Oiliúint maidir le claontuairimí neamh-chomhfhiosacha a chur ar fáil don fhoireann ar fad ar bhonn bliantúil
- Aidhmeanna agus gníomhaíochtaí an choiste Comhionannais, Éagsúlachta agus Ionchuimsitheachta agus a Stiúrthóra a chur chun cinn
- Seomraí ranga agus spásanna sóisialta fáilteacha a chruthú don fhoireann agus na mic léinn ar fad
- Polasaithe agus curaclaim ionchuimsitheacha, próisis chothromasacha agus imeachtaí inrochtana a chinntiú
- Tacú le tionscnaimh a chuirfidh le pobal ilchineálach teagaisc agus foghlama laistigh den Scoil






# Spriocanna agus Bearta Straitéiseacha

Smaoineamh go nuálach agus úsáid éifeachtach a bhaint as an teicneolaíocht

5

## Comhthéacs

Smaoineamh go cruthaitheach maidir le próisis na Scoile d'fhonn eispéireas ardchaighdeáin a chur ar fáil don uile dhuine. Uirlisí nua digiteacha a shainaithint chun tacú leis an obair a dhéanaimid. Smaoineamh an athuair ar mar a dhéanaimid rudaí éagsúla agus cuir chuige a shimpliú nuair is féidir

## Bearta

### 5.1 Smaointe a lorg agus a chur i bhfeidhm chun feabhas a chur ar an mbealach a gcuirtear próisis na Scoile agus a ranna i bhfeidhm




- Mionphleanáil straitéiseach a dhéanamh ag leibhéal na roinne
- Lámhleabhar Scoile don fhoireann ar fad a dhéanamh de cháipéis próisis na Scoile
- Aiseolas a fháil ó fhoireann na Scoile i dtaobh ábhar nua do lámhleabhar na Scoile
- Dul i gcomhairle le mic léinn i dtaobh an ábhair i lámhleabhair na gcúrsaí lena chinntiú go mbeidh siad ábhartha agus úsáideach
- Príomhfhoinse eolais a chruthú ina dtabharfar le fios an áit atá le dul chun cuidiú a fháil ar fud na Scoile agus a ranna



### 5.2 Bealaí nua a aithint chun an teicneolaíocht a leabú i riarachán acadúil agus chun cartlanna páipéir a bhainistiú

- Réitigh leictreonacha a fhiosrú chun súil a choinneáil ar an tinreamh i léachtaí
- Bealach sábháilte agus freagrach a aimsiú chun sonraí digiteacha agus crua-earraí a dhiúscairt (lena n-áirítear sonraí digiteacha agus crua-earraí a athúsáid nuair is féidir)
- Cuíchóiriú a dhéanamh ar theicneolaíocht chomhoibríoch amhail MS Teams lena chinntiú go mbeidh cáipéisí stóráilte mar is cuí agus go mbeidh teacht orthu freisin
- Scrios amaithe na dtaifead digiteach a dhéanamh de réir mar is gá e.g., comhaid eitice taighde, cartlanna ríomhphoist

### 5.3 Oiliúint chuí ar bhogearraí agus crua-earraí a chur ar fáil do bhaill foirne

- Leas a bhaint as an oiliúint a chuireann Seirbhísí TF ar fáil
- Oiliúint shaincheaptha de réir disciplín a fhorbairt
- A chinntiú go bhfuil an trealamh sa seomra ranga éasca le húsáid, taispeántais físeáin agus treoracha a roinnt nuair is féidir

### 5.4 Deiseanna a aithint inar féidir teicneolaíochtaí nua a ghlacadh i ndáil le teagasc agus taighde

- Cleachtais mhaithe i dtaobh teagasc atá bunaithe ar an teicneolaíocht do léachtaí agus ranganna teagaisc a léiriú
- Ról na Seaimpíní Digiteacha Scoile a thosú arís
- An ról maidir le foghlaim iomlán ar líne i roinnt réimsí sa teagasc a mheas
- An teacht atá ag taighdeoirí mac léinn ar cheadúnais theicneolaíochta a mhéadú

### 5.5 Cur leis an tionchar atá ag réitigh dhigiteacha le haghaidh ionchuimsithe

- A chinntiú go bhfuil teacht iomlán ar cháipéisí digiteacha, an láithreán gréasáin san áireamh
- An úsáid a bhaintear as tras-scríbhinní, fotheidil agus teidealú i gcruinnithe ar líne a uasmhéadú
- Taifeadtaí ISL ar fhíseáin a leabú nuair is féidir





# Spriocanna agus Bearta Straitéiseacha

Díriú ar Ghníomhú ar son na hAeráide agus ar Inbhuanaitheacht

6

## Comhthéacs

Muid féin a chur ar an eolas agus céimeanna cuí a ghlacadh sa cheantar chun aghaidh a thabhairt ar an athrú aeráide. Ár gcleachtais inbhuanaitheachta a fheabhsú agus machnamh a dhéanamh ar lorg carbóin na Scoile.

## Bearta

**6.1 Cleachtais a bheidh aireach don chomhshaol a chur chun cinn**



- Úsáid an pháipéir a laghdú
- Earraí a athúsáid, a athchúrsáil agus a úsáid arís do chuspóir eile nuair is féidir
- Bord Yammer, atá ar fud an Choláiste, a úsáid mar acmhainn chun trealamh/troscán saotharlainne agus oifige a athúsáid.
- Fuinneamh a chaomhnú trí shoilse/ríomhairí a mhúchadh
- Réitigh agus uasghráduithe féideartha ar chrua-earraí TF a fhiosrú sula gcuirtear crua-earraí nua ina n-áit
- Dintiúir ghlasa sholáthróirí nua a mheas
- Úsáid mugaí agus buidéal uisce in-athúsáidte a chur chun cinn ag cruinnithe
- Earraí lónadóireachta aonúsáide a laghdú
- Cuimhneamh nach bhfuil cúrsaí digiteacha go maith don chomhshaol

**6.2 Astaíochtaí carbóin a laghdú trí aerthaisteal a laghdú nuair is féidir**



- Cruinnithe hibrideacha agus cruinnithe ó chian a chur chun cinn
- Measúnú a dhéanamh ar an tionchar atá ag aerthaisteal idirnáisiúnta i bpróiseas an scrúdaitheora sheachtraigh
- Taisteal inbhuanaithe a spreagadh do thurais acadúla

**6.3 Plé áitiúil foirmiúil a thosú faoin gcaoi ar féidir linne mar Scoil freagra a thabhairt ar Aidhmeanna Inbhuanaitheachta na Náisiún Aontaithe**

- Teagmháil a dhéanamh le hOifig Inbhuanaitheachta Choláiste na Tríonóide
- Fáilte a chur roimh rannpháirtíocht i ngrúpa oibre nua Scoile maidir le hAidhmeanna Inbhuanaitheachta na Náisiún Aontaithe
- Seaimpín Scoile a ainmniú agus spriocanna réalaíocha a leagan amach chun tomhas a dhéanamh ar mar atá ag éirí linn



*…tá an fhís atá againn don Scoil curtha in iúl againn, is é sin go dtabharfaí baill foirne agus mic léinn le chéile agus uaillmhian chomhchoiteann acu a bheith mar chuid de lárionad barr feabhais ó thaobh taighde agus teagaisc inar réimsí…*

Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath
Ollscoil Átha Cliath

Scoil na nEolaíochtaí Teangeolaíochta, Urlabhra agus Cumarsáide
Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, Ollscoil Átha Cliath
**T:** +353 (0) 1 896 1560 **E:** slscs@tcd.ie

tcd.ie/slscs

@tcdslscs
TCDSLSCS
TCD SLSCS